



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA 2011

## CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 - 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

### Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo.

### Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach cheist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

### Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach cheist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

### Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

**ROINN 1 (120 marc)**  
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

**1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san áireamh**

Tá Caipiteal Údaraithe de €700,000 ag Mac an Iascaire Tta, gnólacht déantúsaíochta, atá roinnte ina 400,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 Scair Thosaíochta 4% ar €1 an ceann.

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a leabhair ar 31/12/2010:

	€	€
Foirgnimh Mhonarchan (costas €550,000)	440,000	
Gléasra agus Innealra (costas €240,000)	110,000	
Lascaine (Glan)		2,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2010		36,400
Stoic ar láimh 1/1/2010		
Earraí Críochnaithe	80,000	
Amhábhar	49,500	
Obair idir lámha	20,500	
Díolacháin		1,100,000
Paitinní	100,000	
Carraireacht ar amhábhair	6,050	
Fruiliú trealaimh speisialta	12,000	
Ceannach amhábhar	440,500	
Díbhinní íoctha	30,000	
Díol dramhábhair		6,000
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	54,600	45,700
Banc		8,600
Pá díreach monarchan	201,450	
Speansais díola (fionraí san áireamh)	108,000	
Bintiúir 9% (€30,000 eisithe ar 1/4/2010 san áireamh)		80,000
Scairchaipiteal eisithe – gnáthscaireanna		250,000
– scaireanna tosaíochta 4%		200,000
Forchostais ghinearálta mhonarchan	50,400	
CBL	4,200	
Ús bintiúir íoctha do na chéad 3 mhí	1,000	
Speansais Riaracháin	20,500	
	<u>1,728,700</u>	<u>1,728,700</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar 31/12/2010: Earraí críochnaithe €85,000  
Amhábhair €53,000  
Obair idir lámha €25,500
- Cuimsíonn an figiúr d'earraí críochnaithe earraí a chosain €6,000 lena dtáirgeadh, ach a bhfuil luach díolacháin €4,000 anois orthu.
- (ii) Tá na paitinní á ndíscríobh thar 10 mbliana a thosaigh sa bhliain 2008.
- (iii) San áireamh san fhigiúr le haghaidh díolachán tá €4,000 a fuarthas as seaninnealra a dhíol. Chosain an t-innealra sin €24,000 ar 1/10/2005 agus díoladh é ar 30/6/2010. Iontráladh an seic sa chuntas bainc. Ba é sin an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair.
- (iv) Tarlaíonn figiúr an fhionraí toisc gur i gcuntas na gcreidiúnaithe amháin a iontráladh lascaine €300 a lamháladh agus toisc gur breacadh figiúr mícheart sa chuntas úis le haghaidh an úis bhintiúir a íocadh. Iontráladh an t-ús ceart sa chuntas bainc.
- (v) Ba chóir drochfhiach €450 a dhíscríobh agus ba chóir soláthar in aghaidh drochfhiach a dhéanamh ag 5% d'fhéichiúnaithe.
- (vi) Tugadh faoi deara gur cuireadh earraí, a chosain €5,400 ar an ngnólacht lena dtáirgeadh, chuig custaiméir ar bhonn díola agus aischuir. Gearradh costas móide 25% go hearráideach ar an gcustaiméir as na hearraí sin.
- (vii) Fuarthas sonrasc ar amhábhair a chosain €15,000 agus a bhí faoi bhealach ar 31/12/2010. Ní dhearnadh aon taifead air sin sna leabhair.
- (viii) Déantar soláthar in aghaidh dímhéasa ar Shócmhainní Seasta mar seo a leanas:  
Foirgnimh Mhonarchan – 2% den chostas.  
Gléasra agus Innealra – 20% den chostas sa bhliain ón dáta ar ceannaíodh iad go dtí an dáta ar díoladh iad.  
Ag deireadh 2010 rinne an chuideachta na foirgnimh a athluacháil ag €650,000
- (ix) Tá na Stiúirthóirí ag moladh:
1. Gur chóir soláthar a dhéanamh d'Ús Bintiúir dlite.
  2. Gur chóir soláthar a dhéanamh do Cháin Chorporáideach €24,000.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

- (a) Cuntas Déantúsaíochta, Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2010. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31/12/2010. (45)

**(120 marc)**

## 2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

Thaispeáin Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe ag S Ó Laoire na hiarmhéideanna seo a leanas: €32,500 dr agus €600 sr ar 31/12/2010. Níor réitigh na figiúirí sin leis an Sceideal (Liosta) d'Iarmhéideanna Féichiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair iad seo a leanas:

- (i) Lascaine de €60 nár lamháladh do chustaiméir, caitheadh léi mar lascaine a lamháladh i gcuntas an mhórleabhair ginearálta agus cuireadh €16 do shochar i gcuntas an chustaiméara.
- (ii) Ús €140 a breacadh mar ba cheart sa chuntas úis ach a breacadh chun sochair i gcuntas an chustaiméara mar €40. Tar éis don chustaiméir gearán a dhéanamh laghdaíodh de €20 é sin. Níor breacadh an laghdú sin sna leabhair.
- (iii) Bhí díolacháin ar airgead síos de €1,200 agus díolacháin chreidmheasa de €710 breactha ag Ó Laoire ar taobh an tsochair i gcuntas an chustaiméara.
- (iv) Cuireadh nóta creidmheasa de €45 chuig custaiméir tar éis táille athstocála €20 a ghearradh. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sa leabhar aiscur ná €35. Tar éis don chustaiméir gearán a dhéanamh cuireadh an táille athstocála ar ceal.
- (v) Sonrasc ar €1,450 a chuir Ó Laoire chuig custaiméir, breacadh sa leabhar lae cúí mar €1,540 é. Agus an mórleabhar á bhreacadh ón leabhar sin, ní dhearnadh aon iontráil i gcuntas an chustaiméara.
- (vi) Fuarthas €140 ó fhéichiúnaí ar fhiach a díscríobhadh roimhe sin. Is ionann sin agus 70% den drochfhiach tosaigh. Gheall an féichiúnaí go n-íocfaí an chuid eile den fhiach agus theastaigh uaidh trádáil arís gan mhoill le Ó Laoire. Níor cuireadh aon iontrálacha sna cuntais.

### Iarrtar ort:

- (a) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar Coigeartaithe na bhFéichiúnaithe a ullmhú. (22)
- (b) Sceideal (Liosta) Coigeartaithe Féichiúnaithe a ullmhú a léiríonn an chéad iarmhéid. (30)
- (c) (i) Cad iad na leabhair thúsiontrála a úsáidtear agus Cuntais Rialúcháin Féichiúnaithe á gcruthú?  
(ii) Mínigh an tábhacht a bhaineann le Cuntais Rialúcháin. (8)

(60 marc)

### 3. Cuntais Fhoilsithe

Tá caipiteal údaraithe de €800,000 ag Marx cpt atá roinnte ina 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair ar 31/12/2010:

	€	€
Foirgnimh ar a gcostas	700,000	
Foirgnimh – Dímheas Carnach ar 1/1/2010		91,000
Feithiclí ar a gcostas	220,000	
Feithiclí – Dímheas Carnach ar 1/1/2010		8,000
Infheistíochtaí luaite ar a gcostas (luach ar an margadh €160,000)	300,000	
Infheistíochtaí neamhluaite ar a gcostas (luach an stiúrtóra €50,000)	80,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	295,000	199,000
Stoc 1/1/2010	72,000	
Paitinn 1/1/2010	70,000	
Speansais riaracháin	240,000	
Costais dáileacháin	250,000	
Ceannacháin agus Díolacháin	1,150,000	1,880,000
Ioncam ó Chíosanna		60,000
Brabús ar dhíol talún		55,000
Díbhinní íoctha	23,000	
Banc	78,000	
CBL		60,000
Bintiúir 6% 2015/2016		400,000
Cuntas Brabús & Cailteanais ar 1/1/2010		40,000
Ioncam infheistíochta faighte - luaite		5,000
neamhluaite		1,000
Caipiteal Eisithe		
Gnáthscaireanna		450,000
Scaireanna Tosaíochta 5%		200,000
Soláthar in aghaidh Drochfhiach		25,000
Ús Bintiúir íoctha	6,000	
Lascaíne		10,000
	<u>3,484,000</u>	<u>3,484,000</u>

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar:

- (i) Is é an Stoc ar 31/12/2010 ná €80,000.
- (ii) Le linn na bliana, díoladh ar €175,000 talamh a bhí gar d'áitreabh na cuideachta agus a chosain €120,000. Ag deireadh na bliana, d'athluacháil an chuideachta a cuid foirgneamh ar €850,000. Teastaíonn ón gcuideachta an luach sin a chuimsiú i gcuntas na bliana seo.
- (iii) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite, táillí iniúchóirí €10,000, táillí stiúrtóirí €60,000 agus cáin chorparáide €80,000.
- (iv) San áireamh sna speansais riaracháin tá fáltas €10,000 ar ríchíosanna paitinne.
- (v) Tá dímheas le soláthar ar fhoirgnimh de réir ráta 2% méid chothrom agus tá sé le cionroinnt, 30% costais dáileacháin agus 70% speansais riaracháin. Níor tharla aon cheannacháin ná aon díolacháin foirgneamh le linn na bliana. Tá dímheas le déanamh ar fheithiclí de réir 20% ar a gcostas.
- (vi) Ceannaíodh an phaitinn ar 1/1/2007 ar €100,000. Tá sí á hamúchadh thar 10 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh seo le bheith san áireamh sa chostas díolachán.

#### Iarrtar ort:

- (a) An cuntas Brabús agus Cailteanais foilsithe a ullmhú don bhliain 31/12/2010, de réir Acht na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasaíochta cuí, agus na nótaí seo a leanas a léiriú:
  1. Nóta polasaí cuntasaíochta do shócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc
  2. Brabús Oibríúcháin
  3. Sócmhainní seasta airgeadais
  4. Díbhinní
  5. Sócmhainní seasta inláimhsithe. (48)
- (b) (i) Luaigh conas is cóir don chuideachta déileáil le Dliteanas Teagmhasach is dócha a tharlóidh. (12)
- (ii) Mínigh an difríocht idir tuarascáil choinníollach agus tuarascáil neamhchoinníollach ag iniúchóir. (12)

(60 marc)

#### 4. Taifid Neamhiomlána

Ar 1/1/2010 lóisteáil R. Ó hÁgáin €480,000 i gcuntas gnó sa bhanc agus ar an lá céanna cheannaigh sé gnó ar €420,000. Bhí na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas san áireamh ann: foirgnimh €400,000, stoc €14,200, rátaí trí mhí réamhíoctha €1,800, féichiúnaithe €24,400, pá dlite €2,900 agus creidiúnaithe trádála €49,000.

Le linn 2010, níor choinnigh Ó hÁgáin sraith iomlán cuntas ach bhí sé ábalta ar an eolas breise seo a leanas a chur ar fáil 31/12/2010:

- (i) Gach seachtain thóg Ó hÁgáin earraí ar luach €160 ón stoc agus seic €120 do speansais teaghlaigh.
- (ii) Ar 1/10/2010 thóg Ó hÁgáin €360,000 ar iasacht, agus d'úsáid sé cuid de chun áitreabh béal dorais a cheannach ar €280,000. Aontaíodh go n-íocfadh Ó hÁgáin ús ar an lá deiridh de gach mí ar ráta 4% sa bhliain. Bhí an tsuim chaipitil le haisíoc mar chnapshuim sa bhliain 2017 agus chun soláthar a dhéanamh dó sin treoraíodh don bhanc €4,800 a aistriú ar an lá deiridh de gach mí ó chuntas gnó Uí Ágáin isteach i gciste infheistíochta.
- (iii) I gcaitheamh na bliana, lóisteáil Ó hÁgáin admhálacha ón scipéad airgid €120,000 agus díbhinní €3,800 sa chuntas gnó sa bhanc.  
  
Rinne Ó hÁgáin na híocaíochtaí seo a leanas, freisin, le seic: solas agus teas €8,100, ús €2,400, pá agus speansais ghinearálta €86,000, trealamh €11,000, rátaí go ceann dhá mhí dhéag €8,400 agus táillí ollscoile a mhic €2,000.
- (iv) Mheas Ó hÁgáin gur chóir 20% díobh seo a leanas a chur i leith an taoibh príobháidigh den áitreabh: trealamh, solas agus teas a **úsáideadh** agus ús a **íocadh**.
- (v) San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais an ghnólachta ar 31/12/2010 bhí stoc €16,700, féichiúnaithe €31,200, creidiúnaithe trádála €27,300, leictreachas dlite €620 agus ús €36 tuillte ag an gciste infheistíochta go dtí sin.

#### Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas/Clár Comhardaithe a ullmhú, ag taispeáint bhrabús nó chailteanas Uí Ágáin don bhliain dar chríoch 31/12/2010. **(Taispeáin do chuid oibre)**. (52)
- (b) Cén chomhairle a chuirfeá ar Ó hÁgáin maidir le coimeád taifead? (8)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**  
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Sully cpt, cuideachta a bhíonn ag obair i dtionscal na foirgníochta, don bhliain dar chríoch 31/12/2010. Tá caipiteal údaraithe de €700,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 100,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Tá 550,000 gnáthscair eisithe ag an gcuideachta cheana féin agus gach ceann de na scaireanna tosaíochta 5% .

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2010**

	€
Díolacháin	1,170,000
Costais earraí díolta	(875,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain	(230,000)
Ús	<u>(19,200)</u>
Glanbhrabús don bhliain	45,800
Díbhinní íoctha	<u>(30,000)</u>
Brabús Coinnithe	15,800
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2010	<u>27,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2010	<u>42,800</u>

**Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2009**

Tuilleamh an Ghnáthscair	10.5c
Díbhinn an Ghnáthscair	5.6c
Cumhdach Úis	5 uair
Mear-chóimheas	0.70 le 1
Toradh ar Chaipiteal in Úsáid	8.1%
Luach gnáthscaire amháin ar an Margadh	€0.95
Giaráil	32%
Cumhdach Díbhinne	1.9 uair
An Toradh Díbhinne	5.9%

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2010**

**Sócmhainní Seasta**

	€	€
Doláimhsithe	150,000	
Inláimhsithe	<u>642,000</u>	792,000
Infheistíochtaí (luach ar an margadh 31/12/2010 – €90,000)		<u>150,800</u>
		942,800

**Sócmhainní Reatha** (Stoc €80,400 agus Féichiúnaithe €45,000 san áireamh) 148,000

**Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain**

Creidiúnaithe Trádála	<u>(158,000)</u>	<u>(10,000)</u>
		<u>932,800</u>

**Maoinithe ag**

Bintiúir 8% (faoi urrús 2014) 240,000

**Caipiteal agus Cúlchistí**

Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	550,000	
Scaireanna Tosaíochta 5% @ €1 an ceann	100,000	
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais	<u>42,800</u>	<u>692,800</u>
		<u>932,800</u>

Luach gnáthscaire amháin ar an margadh i ndeireadh 2010 ná **€0.90**

**Iarrtar ort:**

(a) Iad seo a leanas a ríomh do 2010:

- (i) An Stoc Tosaigh más é 10 an ráta láimhdeachas stoic bunaithe ar an meánstoc.
- (ii) An cóimheas Giarála
- (iii) Tuillimh an Ghnáthscair
- (iv) An Toradh Díbhinne
- (v) An tréimhse a ghlacfaid sé ar aon ghnáthscair amháin a luach margaidh don bhliain 2010 a bhaint amach arís, bunaithe ar ráta íocaíochta amach na díbhinne faoi láthair? (50)

(b) Comhairle a chur ar an mbainisteoir bainc maidir le cé acu ba cheart iasacht de €400,000, ar a mbeadh ráta úis 8% á ghearradh, a thabhairt do Sully plc le haghaidh fairsingiú sa todhchaí, nó nár cheart. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha, céatadán agus sonraí eolais ar bith eile thuas mar thaca le do fhreagra. (40)

(c) Mínigh na teorainneacha a bhaineann le hanailís chóimheasa. (10)

**(100 marc)**

## 6. Cuntais Chlub

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus dliteanais Chlub Leadóige an Ghleanna ar 1/1/2010:

Clubtheach agus cúirteanna €250,000, trealamh (ar a chostas) €75,000, stoc beáir €15,000, féichiúnaithe beáir €1,280, creidiúnaithe beáir €8,400, ballraíocht saoil €24,000, cúlchiste tobhaigh €20,000, pá réamhíochta €400, síntiúis dlite €500.

Tá an cuntas seo a leanas ar ghníomhaíochtaí an chlub i gcaitheamh na bliana dar chríoch 31/12/2010 curtha ar fáil ag Cisteoir an chlub.

### Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí Chlub Leadóige an Ghleanna don bhliain dar chríoch 31/12/2010

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Cuntas reatha bainc	1,140	Ceannacháin bheáir	38,500
Ús ó infheistíochtaí 4%	1,500	Speansais ilghnéitheacha	24,000
Fáltais bheáir	74,000	Aisíocaíocht ar iasacht €30,000	
Fáltais lónadóireachta	12,700	ar 30/9/2010 mar aon le hús 15 mhí	33,960
Síntiúis	84,000	Trealamh	8,000
Urraíocht bhliantúil	7,500	Costais lónadóireachta	15,800
Díol trealaimh (costas €4,000)	2,500	Duaisbhannaí	4,400
		Ceachtanna oiliúna	3,500
		Speansais taistil	10,000
		Iarmhéid sa bhanc 31/12/2010	<u>45,180</u>
	<u>183,340</u>		<u>183,340</u>

Ní mór an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) Stoc beáir €13,300 ar 31/12/2010.
- (ii) Trealamh faoi úinéireacht ar 31/12/2010 le dímheas ar ráta 25% dá chostas.
- (iii) Clubtheach agus cúirteanna le dímheas ar 2% dá gcostas.
- (iv) Ba iad €300 agus €8,600 na féichiúnaithe agus na creidiúnaithe beáir faoi seach ar 31/12/2010.
- (v) Ar na síntiúis tá:
  - Dhá bhallraíocht saoil, a thugann líon iomlán na mballraíochtaí saoil go dtí a deich Síntiúis €300 do 2011
  - Tobhach €100 an duine ar 200 ball do 2010
  - Tobhach €100 ar 8 ball do 2009.
- (vi) Ús infheistíochta dlite ar 31/12/2010 ná €500.
- (vii) Tá an bhallraíocht saoil le discríobh thar thréimhse cúig bliana ag tosú in 2010.

#### Iarrtar ort:

- (a) Ciste Carntha an Chlub (Caipiteal) a thaispeáint ar 1/1/2010 (30)
- (b) An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2010 a thaispeáint. (35)
- (c) Clár Comhardaithe an Chlub ar 31/12/2010 a thaispeáint. (20)
- (d) (i) Luaigh agus mínigh **dhá** theorainn a bhaineann le Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí.  
(ii) Tá an club ag smaoineamh ar thuilsoilse a chur isteach ar chostas €70,000.  
Cén chomhairle a chuirfeá ar Chisteoir an chlub? (15)

(100 marc)

## 7. Ráiteas Táblach

Taispeánann an Clár Comhardaithe seo a leanas staid airgeadais Uí Mhórdha Tta ar 1/1/2010:

<b>Clár Comhardaithe mar atá ar 1/1/2010</b>			
	<b>Costas</b>	<b>Dímheas</b>	<b>Glan</b>
	<b>€</b>	<b>go dáta</b>	<b>€</b>
<b>Sócmhainní Seasta</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Talamh & foirgnimh	550,000	11,000	539,000
Feithiclí	38,000	20,000	18,000
Trealamh	<u>10,000</u>	<u>1,000</u>	<u>9,000</u>
	<u>598,000</u>	<u>32,000</u>	566,000
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoc	80,000		
Féichiúnaithe (lúide soláthar 5%)	<u>76,000</u>	156,000	
<b>Lúide creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain</b>			
Creidiúnaithe	65,000		
Banc	24,000		
Speansais dlite	<u>2,500</u>	<u>91,500</u>	
<b>Sócmhainní Reatha Glan</b>			<u>64,500</u>
			<u>630,500</u>
<b>Maoinithe ag</b>			
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>			
Údaraithe - 700,000 Gnáthscair @ €1 an ceann			
Eisithe - 440,000 Gnáthscair @ €1 an ceann			440,000
Scairphréimh			20,000
Iarmhéid brabúis agus cailteanais			<u>170,500</u>
			<u>630,500</u>

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2010:

- Ean. Chinn Ó Mórdha Tta talamh agus foirgnimh a athluacháil ar €700,000 (agus talamh dar luach €90,000 san áireamh) ar 1/1/2010.
- Feabh. Cheannaigh Ó Mórdha Tta gnólacht béal dorais ar 1/2/2010 a raibh foirgnimh ar luach €200,000 aige, trealamh €30,000, féichiúnaithe €8,000 agus creidiúnaithe €40,000. Glanadh an costas ceannacháin trí 180,000 scair in Ó Mórdha Tta a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 20 cent an scair.
- Aib. Shocraigh an bhainistíocht gur chóir an soláthar do dhrochfhiacha a ardú go dtí 7% d'fhéichiúnaithe.
- Beal. Rinneadh feithicil a chosain €25,000 a thrádáil isteach i gcoinne feithiclé nua a chosain €35,000. Tugadh liúntas €20,000 i leith na seanfheithiclé. Ba é €5,500 an dímheas chun dáta ar an tseanfheithicil.
- Meith. Fuarthas ráiteas bainc ar 30 Meitheamh a léirigh aistriú creidmheasa €4,500 a fuarthas chun cíos 9 mí a chumhdach roimh ré ó 1 Meitheamh agus dochar díreach €1,500 chun fógraíocht a chumhdach don bhliain dar chríoch 31/3/2010.
- Iúil. Fuarthas íocaíocht €720 ó S. Ó Murchú, féichiúnaí a raibh a fhiach díscríofa cheana féin agus ar mian leis trádáil arís le Ó Mórdha Tta. Is ionann sin agus 80% den fhiach thosaigh agus gheall an féichiúnaí go n-íocfaí an chuid eile den fhiach faoi mhí Feabhra 2011. Ar an lá céanna, díoladh earraí de luach €440 ar cairde le Ó Murchú.
- Lún. Seoladh ar ais earraí de luach €600 a díoladh cheana féin. Ba é praghas díola na n-earraí sin ná a gcostas móide 20%. Eisíodh nóta creidmheasa a léirigh asbhaint 5% den phraghas díola mar tháille athstocála.
- M.F. Creidiúnaí a raibh €800 aige ar Ó Mórdha Tta, ghlac sé le trealamh, a raibh luach €700 air de réir na leabhar, mar lánghlanadh na bhfiach. Chosain an trealamh €1,200.
- D.F. Íocadh díbhinn 5 cent an scair ar gach scair eisithe.
- Samh. Fuarthas €100,000 as an gcuid eile de na scaireanna a eisiúint.
- Noll. An muirear dímheasa don bhliain ar na foirgnimh ná 3% de luach na leabhar. Tá an muirear dímheasa le háireamh ó dháta na luachála agus ó dháta an cheannacháin. B'ionann agus €25,000 an muirear dímheasa ar fheithiclí don bhliain ar fad.

### Iarrtar ort:

Taifead a dhéanamh i ráiteas táblach ar an tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar chuntas na sócmhainní, na ndlíteanas agus an chaipitil, agus na sócmhainní agus na dlíteanais iomlána ar 31/12/2010 a fháil amach.

(100 marc)



**ROINN 3 (80 marc)**  
Freagair ceist AMHÁIN

**8. Costas Imeachach**

Déanann Íomhar Tta táirge amháin a chur ar fáil. Seo a leanas cuntas brabúis agus cailiteanais na cuideachta don bhliain dar chríoch 31/12/2010, nuair a rinneadh 90,000 aonad a tháirgeadh agus a dhíol:

	€	€
Díolacháin (90,000 aonad)		1,170,000
Ábhair	390,000	
Saothar díreach	236,000	
Forchostais mhonarchan	82,000	
Speansais díolacháin	105,000	
Speansais riaracháin	<u>130,000</u>	<u>(943,000)</u>
Glanbhrabús		<u>227,000</u>

Is costais athraitheacha iad na hábhair, an saothar díreach agus 40% de na forchostais mhonarchan. Seachas coimisiún díolacháin 5% ar na díolacháin, is costais sheasta iad an díolachán agus an riarachán.

**Iarrtar ort a ríomh:**

- (a) Pointe meá ar mheá na cuideachta agus an lamháil sábháilteachta.
- (b) An líon aonad is gá a dhíol sa bhliain 2011 má tá méadú 20% le teacht ar ghlanbhrabús na cuideachta thar fhigiúr 2010, ag glacadh leis nach dtagann aon athrú ar an bpraghas díolacháin, na leibhéil chostais ná ar na céatadáin eile.
- (c) An brabús a ghnóthódh an chuideachta i 2011 dá ndéanfaí an praghas díolacháin a íslíú go dtí €11, na costais sheasta a mhéadú de €15,000 agus dá réir sin líon na n-aonad díolta a ardú go dtí 110,000, gan aon athrú ar na leibhéil chostais ná ar na céatadáin eile.
- (d) An praghas díolacháin in aghaidh an aonaid is gá don chuideachta a ghearradh in 2011, má thagann méadú 12% ar na costais sheasta ach gan athrú ar mhéid an díolacháin ná ar an mbrabús.
- (e) An líon aonad is gá a dhíol ar €16 an t-aonad chun brabús 10% den ioncam díolacháin ó na haonaid chéanna seo a chur ar fáil.
- (f) (i) Liostaigh agus mínigh **dhá** theorainn/bhonn tuisceana a bhaineann leis an gcostáil imeallach.  
(ii) Mínigh céard is brí le costas céimsheasta.  
Déan graf de na costais chéimsheasta a bhreacadh go garbh agus úsáid á baint agat as na híocaíochtaí cíosa a leanas:

Cíos €	€5,000	€12,000	€19,000	€28,000
Aschur (aonaid)	20,000	30,000	40,000	50,000

**(80 marc)**

## 9. Buiséadú

Tá réamhaisnéis bhliantúil díolachán go Nollaig 2012 críochnaithe le déanaí ag Ó Conchúir Tta. Tá súil acu dhá tháirge a dhíol – Éadrom ar €280 agus Fíor-éadrom ar €320.

Tá na stoic go léir le laghdú de 10% ó na leibhéil tosaigh faoi dheireadh 2012 agus tá siad á luacháil de réir an mhodha TITA (*FIFO*).

	<b>Éadrom</b>	<b>Fíor-éadrom</b>
Tá súil le díolachán	12,000 aonad	3,500 aonad

Tá súil leis na stoic seo d'earraí críochnaithe ar 1/1/2012:

Éadrom	650 aonad ar €200 an ceann
Fíor-éadrom	500 aonad ar €220 an ceann

Úsáidtear na hamhábhair agus an saothar oilte céanna leis an dá tháirge a dhéanamh, ach i gcainníochtaí difriúla in aghaidh an aonaid, mar seo a leanas:

	<b>Éadrom</b>	<b>Fíor-éadrom</b>
Ábhar A	8 kg	6 kg
Ábhar B	9 kg	7 kg
Saothar oilte	8 n-uaire an chloig	9 n-uaire an chloig

Tá súil leis na stoic amhábhair seo ar 1/1/2012:

Ábhar A	6000 kg @ €3.50 an kg
Ábhar B	4000 kg @ €5.00 an kg

Is iad na praghsanna ar amhábhair a bhfuil súil leo le linn 2012 ná:

Ábhar A	€4.00 an kg
Ábhar B	€5.50 an kg

Tá súil le ráta saothair oilte de €12 in aghaidh na huairé an chloig.

Tá súil leis na forchostais táirgeachta seo:

Athraitheach	€4.50	in aghaidh na huairé an chloig de shaothar oilte
Seasta	€210,500	sa bhliain

### Iarrtar ort:

- (a) Buiséad Táirgeachta (ina aonaid) a ullmhú.
- (b) Buiséad Ceannachán Amhábhair (ina aonaid agus ina €) a ullmhú.
- (c) Buiséad Costas Táirgeachta/Déantúsaíochta a ullmhú.
- (d) Costas aonaid an stoic dheiridh den dá tháirge, mar a buiséadadh, a ríomh.
- (e)
  - (i) Mínigh an téarma 'Máistirbhuiséad'.
  - (ii) Liostaigh na comhpháirteanna den Mháistirbhuiséad a bhíonn ag gnólacht déantúsaíochta.

**(80 marc)**

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**